Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11314/26**

**VISA 73**
**MIGR 187**
**RELEX 929**
**COAFR 207**
**COMIX 162**
***CH***
***IS***
***LI***
***NO***

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena gcuirtear ar fionraí cur i bhfeidhm forálacha áirithe de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur ar fionraí a maidir leis an nGuine<br>– Glacadh |

1. An 15 Iúil 2025, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir le forálacha áirithe de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur ar fionraí a maidir leis an nGuine[1].

2. Ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal um Víosaí an 19 Meán Fómhair 2025, thíolaic an Coimisiún an togra agus tionóladh an chéad seisiún tuairimíochta maidir leis an togra. Rinneadh measúnú rialta ar chomhar na Guine maidir le hathligean isteach ag cruinnithe na Meithle um Lánpháirtiú, Imirce agus Díbirt (IMEX Expulsion), lena n-áirítear an 16 Iúil 2025, an 30 agus an 31 Deireadh Fómhair 2025 agus an 13 Eanáir 2026. Le linn an phlé sin, measadh go ginearálta nach raibh leibhéal comhair na Guine maidir le hathligean isteach leordhóthanach.

[1] 11613/25.

3. I bhfianaise an chomhair neamhleor sin, ag an gcruinniú a bhí aici an 9 Meitheamh 2026, chinn an Mheitheal um Lánpháirtiú, Imirce agus Díbirt (IMEX Expulsion) a iarraidh ar an Meitheal um Víosaí an togra maidir leis na bearta sriantacha i ndáil le víosaí i gcoinne na Guine a fhormheas. Formheasadh an togra ina dhiaidh sin ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal um Víosaí an 25 Meitheamh 2026.

4. I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm. Ós rud é go gcuireann an Cinneadh seo le *acquis* Schengen, cinnfidh an Danmhairg, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Phrótacal sin, laistigh de thréimhse 6 mhí tar éis don Chomhairle cinneadh a dhéanamh ar an gCinneadh seo, an gcuirfidh sí chun feidhme ina dlí náisiúnta é.

5. Is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle; dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aici ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

6. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar <u>Choiste na mBuanionadaithe</u> a mholadh don Chomhairle an Cinneadh Cur Chun Feidhme thuasluaite, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 11169/26 é, a ghlacadh mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

   Foilseofar an Cinneadh Cur Chun Feidhme san Iris Oifigiúil i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme.